Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# EACHAMAÍOCHT

Ardleibhéal

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012
# SCÉIM MHARCÁLA

## EACNAMAÍOCHT
## ARDLEIBHÉAL

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

## Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta

- Ní mhaítear ar chor ar bith go bhfuil na nótaí tacaíochta faoi iamh uileghabhálach nó críochnúil.

- Marcálfar eolas ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair agus bronnfar marcanna orthu de réir a fhiúntais.

- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

*INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimh. | Ábhar | Lgh |
|---|---|---|
| | **Roinn A** | **3 - 7** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **An Prionsabal Comhimeallach / Praghasleaisteachas an Éilimh (PED) / Trasleaisteachas an Éilimh (CED)** | **8 - 10** |
| **2** | **Iomaíocht Fhoirfe agus Iomaíocht Fhoirfe i gcodarsnacht le monaplacht** | **11 - 14** |
| **3** | **Téarmaí / Fiontraíocht / Marthanas gnólachtaí beaga** | **15 - 18** |
| **4** | **Costais / Suíomh gnó** | **19 - 21** |
| **5** | **Daonra / Fás geilleagrach / Thomas Malthus** | **22 - 26** |
| **6** | **Cuspóirí eacnamaíocha / Cánachas / Oideachas Tríú Leibhéal a mhaoiniú** | **27 - 30** |
| **7** | **Trádáil / Iomaíochas / Laghdú ar rátaí fáis i limistéar an euro** | **30- 34** |
| **8** | **Eisimirce / Dífhostaíocht / John Maynard Keynes** | **35 - 38** |

# ROINN A (100 marc)

**1.** Luaigh **trí** chúis a n-athródh cuar an éilimh ar uisce buidéalaithe ar dheis.

**(i)** **Ioncaim**: d'fhéadfadh sé gur tháinig méadú ar ioncam tomhaltóirí agus d'eascródh méadú ar an éileamh as sin.
**(ii)** **Toighis / Roghnachas**: tá níos mó uisce á éileamh ag an tomhaltóir mar gheall ar mhéadú ar fhógraíocht / ar bhrandáil agus toisc go bhfuiltear níos meabhraí ar ár sláinte.
**(iii)** **Ionchais**: dá sílfeadh tomhaltóirí go raibh an baol ann go mbeadh sioc an-olc ann d'fhéadfadh sé go gceannóidís cuid mhór uisce buidéalaithe.
**(iv)** **Praghas earraí ionadacha**: dá dtiocfadh méadú ar phraghas earraí mar dheochanna boga tharlódh go gceannódh níos mó daoine uisce.
**(v)** **Tosca nach rabhthas ag súil leo**: dá mbeadh tonn teasa ann nach rabhthas ag súil léi, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an éileamh ar uisce / dá ndéanfadh truailleán dochar don soláthar uisce d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar uisce buidéalaithe.
**(vi)** **Beartais rialtais**: dá gcuirfeadh an rialtas tús le feachtas chun an tairbhe a bhaineann le huisce a ól a chur chun cinn d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh.

**3 phointe: 6 + 5 + 5 marc**

**2.** Luaigh **trí** réimse freagrachta a bhíonn faoi chúram an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE).

1. **Cobhsaíocht Praghsanna:**
   Bíonn air monatóireacht a dhéanamh ar bhoilsciú sna ballstáit agus bunráta úis an BCE a choigeartú chun caiteachas a choigeartú agus cobhsaíocht praghsanna **a choinneáil**.
2. **Beartas airgeadaíochta an AE:**
   Déanann an BCE beartas airgeadaíochta **a chur i ngníomh** – déanann sé monatóireacht ar rátaí úis, ar sholáthair airgid, ar infhaighteacht creidmheasa, cuireann sé comhairle ar fáil maidir leis sin agus cosnaíonn sé luach an euro.
3. **Cúlchistí oifigiúla na dtíortha i limistéar an euro:**
   **Coinníonn agus bainistíonn** sé sealúchas oifigiúil an AE d'ór, d'airgeadra eachtrach agus de chúlchistí eile a choinnítear mar urrús i gcoinne eisiúint an euro. Bainistíonn an BCE na cúlchistí seo thar ceann na dtíortha.
4. **Maoirseacht:**
   Bíonn ar bhainc cheannais na mBallstát atá i limistéar an Euro maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar fhorais chreidmheasa agus **cobhsaíocht sa chóras airgeadais** a chinntiú.
5. **Eisíonn airgeadra an euro:**
   Tá **ceart eisiach / aonair** ag an BCE eoranótaí agus eorabhoinn a eisiúint i limistéar an euro.

**3 phointe: 6 + 5 + 5 marc**

**3.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le fás an "Geilleagar Dubh" **agus** luaigh **dhá** iarmhairt atá aige ar an Státchiste.

**Dhá chúis** le fás an "Geilleagar Dubh":

**Ioncaim indiúscartha laghdaithe**: níl daoine in acmhainn na praghsanna dlisteanacha ar earraí / ar sheirbhísí a íoc.
**Méadú ar rátaí CBL**: tagann méadú ar phraghsanna dá bharr sin agus bíonn fonn ar thomhaltóirí cánacha níos airde a sheachaint.
**An dífhostaíocht**: níl na daoine a chaill a bpost in acmhainn praghsanna a chuimsíonn CBL a íoc agus/nó tá siad sásta post a ghlacadh agus airgead tirim a thuilleamh ionas nach mbeadh orthu cáin ioncaim a íoc.
**Díomá le beartais rialtais:** ceapann daoine áirithe nach bhfuil an córas cánach cothrom.

**Dhá iarmhairt** ar an Státchiste:

**Caillteanas san ioncam ó cháin**: laghdú ar ioncam ó CBL / ó cháin ioncaim.
**Méadú ar chaiteachas an rialtais**: d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an rialtas caiteachas a mhéadú ar chur i bhfeidhm dlíthe.
**Tá an bille dífhostaíochta níos airde**: tá leas sóisialach á éileamh ag roinnt daoine cé go bhfuil ioncam á ghnóthú acu.
**Meath ar ghníomhaíocht dhlisteanach gnó**: d'fhéadfadh sé go gcaillfí poist dá bharr sin agus go dtiocfadh meath eile ar ioncaim ó cháin, e.g. díosal a cheannach ar an Margadh Dubh.
**Brú ar airgeadas an rialtais / ar sholáthar seirbhísí:**
Caithfidh sé caiteachas a chiorrú; foinsí breise ioncaim ó cháin a chur san áireamh (cánacha faoi choim) agus/nó níos lú seirbhísí a chur ar fáil.

**2 chúis × 4 mharc an ceann. 2 iarmhairt × 4 mharc an ceann.**

**4.** Maidir le gach ráiteas atá liostaithe thíos, cuir in iúl cé acu (a) **barainneacht scála** nó (b) **díbharainneacht scála, inmheánach** nó s**eachtrach** é. (Cuir tic (✓) le gach freagra ceart.)

| | **(a) Barainneacht Scála** | | **(b) Díbharainneacht Scála** | |
|---|---|---|---|---|
| **Ráiteas** | **Inmheánach** | **Seachtrach** | **Inmheánach** | **Inmheánach** |
| Oibrithe bréan de thascanna a dhéanamh arís agus arís eile | | | ✓ | |
| Costais T&F á roinnt ag a lán gnólachtaí | | ✓ | | |
| Lascainí ar fáil ar bhulc-cheannach | ✓ | | | |
| Bonneagar uireasach | | | | ✓ |

**4 fhreagra chearta × 4 mharc an ceann.**

**5.** 'Tá Ioncamleaisteachas an Éilimh (YED i mBéarla) diúltach ag táirgí lagmheasa.'

(a) Mínigh an ráiteas sin. **10 marc**

De réir mar a thagann **laghdú ar ioncam** tomhaltóra **ceannóidh sé/sí níos mó** de tháirge lagmheasa.

(b) Luaigh sampla **amháin** de tháirge lagmheasa agus tabhair fáth le do fhreagra.

**Sampla: Boinn athmhúnlaithe / gearrthacha feola ar phraghas íseal / féinbhrandaí ollmhargaí /prátaí / arán bán / núdail ar an toirt / iompar poiblí (seirbhís bus).**

**Fáth:**
De réir mar a thagann meath ar ioncaim d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar fhéinbhrandaí ollmhargaí toisc nach bhfuil teaghlaigh in acmhainn aon rud eile.

**6 mharc**

**6.** Déan staidéar ar an tábla thíos agus ríomh **(i)** agus **(ii)**. Taispeáin do chuid oibre go léir.

| Bliain | Ioncam Náisiúnta | Tomhaltas | Infheistíocht | Easpórtálacha | Iompórtálacha |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | €24,000 | €15,000 | €6,000 | €10,000 | €7,000 |
| 2 | €34,000 | €22,000 | €8,000 | €16,000 | €12,000 |

**(i)**

| An Claonadh Imeallach chun Coigilte (MPS i mBéarla) | **An Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC)** |
|---|---|
| Coigilteas = Y – C<br><br>Bliain 1: €24,000 – €15,000 = € 9,000<br>Bliain 2: €34,000 – €22,000 = €12,000<br><br>MPS = $\frac{€3,000}{€10,000}$ = 0.3 nó 30% | MPS = 1 – MPC<br><br>↑ in C: € 7,000<br>↑ in Y: = €10,000<br><br>MPC = $\frac{€7,000}{€10,000}$ = 0.7 nó 70%<br><br>MPS = **1 – 0.7 = 0.3** |

**9 marc**

**(ii)** Méid an Iolraitheora.

Méadú ar iompórtálacha: €12,000 – €7,000 = €5,000

**MPM** = $\frac{€5,000}{€10,000}$ = 0.5 nó 50%

| Modh 1 | Modh 2 |
|---|---|
| | $MPC = 1 - MPS = 1 - 0.3 = 0.7$ |
| $\frac{1}{MPS + MPM}$ | $\frac{1}{1 - (MPC - MPM)}$ |
| $\frac{1}{0.3 + 0.5}$ | $\frac{1}{1 - (0.7 - 0.5)}$ |
| $\frac{1}{0.8}$ | $\frac{1}{0.8}$ |
| 1.25 | 1.25 |

**8 marc**

**7.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a bhfuil tionchar acu faoi láthair ar an ráta coigiltis i ngeilleagar na hÉireann.

**Muinín as an ngeilleagar**
Tá daoine buartha faoi thodhchaí an gheilleagair, rud atá ag dul i bhfeidhm ar mhuinín tomhaltóirí. Mar gheall air sin, tá sé de chlaonadh ag daoine ceannach a chur ar an méar fhada agus airgead a choigilt ina áit. Tá na tomhaltóirí ag caitheamh níos lú agus ag cur siar a gcuid caiteachais go lá níos faide anonn. Bíonn coigilt d'éigean ann dá thoradh sin.

**Urrús ar choigilteas**
Níl sé de chlaonadh ag daoine infheistíochtaí rioscúla a dhéanamh mar gheall ar an timpeallacht gheilleagrach faoi láthair agus is fearr leo coigilteas a dhéanamh ar urrús an stáit. Mar gheall ar an ngéarchéim leanúnach sa bhaincéireacht tá tomhaltóirí ag iarraidh urrús níos mó a fháil i leith a gcuid coigiltis, e.g. "Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta" an Phoist.

**Ráta úis** (iarmhír)
Déanfaidh coigilteoirí ráta úis atá níos airde ná an ráta boilscithe reatha a lorg ionas gur féidir cumhacht cheannaigh a choinneáil. Má bhíonn torthaí / taiscí téarmacha réasúnta ag gabháil leis na táirgí atá ar fáil, is mó an seans go n-úsáidfidh daoine iad mar mhodh coigiltis.

**Leibhéil ioncaim**
Tá leibhéil ioncaim tar éis titim i gcás daoine áirithe, mar sin, ní féidir leo an oiread sin a choigilt.

**Ráta DIRT**
Mhéadaigh an rialtas an ráta DIRT sa cháinaisnéis i mí na Nollag. Tá seans ann go gcuirfidh sé sin drochmhisneach ar dhaoine áirithe maidir le hairgead a choigilt.

**3 phointe: 6 + 6 + 5 marc**

**8.** ‘‘Cuirtear acmhainní amú nuair a bhíonn Iomaíocht Neamhfhoirfe ann.’
An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Aontaím / Ní aontaím
Mínigh do fhreagra.

Aontaím. Ní tháirgeann sí ag an bpointe is ísle meánchostais. Is é caiteachas an ghnólachta ar a chuid táirgí / seirbhísí a fhógairt is cúis leis sin, nó ní tháirgeann an comhlacht cainníocht mór go leor le tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála.

***nó***

Ní aontaím. Má dhéanann gnólacht infheistíocht i nuálaíocht agus má ardaíonn sé a chuid díolachán ní féidir a rá go gcuireann sé acmhainní amú, e.g. téann infheistíocht Apple ar sochar don chuideachta rud nach mbeadh amhlaidh gan caiteachas den sórt sin.

**(1 + 8 + 8) marc**

**9.** Thug Rialtas na hÉireann isteach muirear teaghlaigh (cáin réadmhaoine) de €100 an teaghlach i gCáinaisnéis 2012.

(a) Luaigh **dhá** bhuntáiste don Státchiste a ghabhann leis an muirear / leis an gcáin seo..

**1. Ioncam**
Cuirfidh na muirir leis an ioncaim a bheidh ar fail ag an stát / na comhairlí áitiúla.

**2. Cáin chobhsaí**
Leathnaíonn an cháin sin an bonn cánach, de réir aidhmeanna an Troika. Tá sí iníoctha ag gach úinéir tí agus mar sin, ba cheart, de réir teoirice, gur foirm cánach níos cobhsaí ná ioncaim ó cháin indíreach í.

**3. Is lú an gá le cánacha díreacha a bhailiú / ní dídhreasú chun oibre é an muirear sin**
Leis an ioncam a thuilltear uaidh sin tá seans ann gur lú an gá a bheidh ag an rialtas le cánachas díreach a mhéadú. Ós rud é nach n-ardaítear cánacha ioncaim ní haon dídhreasú chun oibre í an cháin sin.

**4. Eacnamaíoch**
Tá an costas bailiúcháin ar an stát, go dtí seo, cuibheasach íseal mar gheall ar an modh bailiúcháin ar líne.

5. **Tabharfar an cháin réadmhaoine isteach gan stró**
In ainneoin na bhfadhbanna a bhain leis an muirear teaghlaigh, tá an cháin sin ag ullmhú an phobail don cháin réadmhaoine atá molta a thabhairt isteach agus tá seans ann go bhfuil clár réadmhaoine á ullmhú faoi láthair.

**6. Pleanáil an rialtais**
Ó tharla gur bunmhuirear (muirear comhréidh) atá sa cháin sin, táthar cinnte faoi shuim an ioncaim a bhfuiltear ag dúil leis, mar sin, éascaíonn sé sin pleanáil an rialtais.

**2 phointe × 4 mharc an ceann**

(b) An cáin fhorchéimnitheach nó cáin aischéimnitheach í an cháin seo? Mínigh do fhreagra.

| **Is cáin aischéimnitheach í** |
|---|
| • Toisc nach gcuireann sí cumas an duine an cháin a íoc san áireamh.<br>• Toisc go n-íocfadh daoine ar ioncam íseal níos mó cánach ar a n-ioncam. |
| **9 marc** |

**C1 An Prionsabal Comhimeallach / Praghasleaisteachas an Éilimh (PED) / Trasleaisteachas an Éilimh (CED)**

**(a)** (i) Mínigh an Prionsabal Comhimeallach d'iompraíocht tomhaltóirí.
(ii) Luaigh agus mínigh **trí** bhonn tuisceana eile a mbaintear úsáid astu agus anailís á déanamh ar iompraíocht tomhaltóirí. (25)

(i) Caithfidh tomhaltóirí a gcuid ioncaim sa chaoi is gurb ionann cóimheas na háirgiúlachta imeallaí leis an bpraghas i gcás na n-earraí go léir a úsáidtear. Ansin baineann siad an sásamh uasta astu.

**10 marc**

(ii) **Trí** bhonn tuisceana eile a mbaintear úsáid astu agus anailís á déanamh ar iompraíocht tomhaltóirí.

1. **Tá ioncam teoranta ag an tomhaltóir.**
   - Níl ioncam an tomhaltóra mór go leor chun a c(h)uid riachtanas agus teastálacha a shásamh.
   - Mar sin, ní mór don tomhaltóir rogha a dhéanamh idir na hearraí ba mhian leis/léi a cheannach.

2. **Gníomhaíonn an tomhaltóir go réasúnach.**
   - Gníomhaíonn an tomhaltóir ar bhealach atá i gcomhréir lena roghanna – más fearr le tomhaltóir torthaí ná seacláid agus má bhíonn an costas céanna orthu araon ceannóidh tomhaltóir réasúnach torthaí.
   - Má fheiceann an duine an t-earra céanna agus praghas difriúil air in dhá shiopa le taobh a chéile gníomhóidh sé/sí go réasúnach agus ceannóidh sé/sí an t-earra ar an bpraghas íseal.


3. **Tá an tomhaltóir faoi réir Dhlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí.**
   - De réir mar a úsáideann tomhaltóirí aonaid bhreise d'earra tiocfaidh meath ar áirgiúlacht imeallach an earra sin ar deireadh.

**3 × 5 mharc an ceann**

**(b)** Ríomhann déantóir trí tháirge éagsúla praghasleaisteachas an éilimh (PED i mBéarla) ar gach táirge díobh mar seo a leanas:

Táirge A: -2.8 Táirge B: -1.0 Táirge C: -0.5

Is mian leis an déantóir a chuid ioncaim a uasmhéadú. Mínigh i gcás **gach ceann** de na táirgí seo cén t-athrú ba chóir don déantóir a dhéanamh, nó an gá aon athrú a dhéanamh, sna praghsanna atá á ngearradh faoi láthair chun go dtiocfadh leis a chuspóir a bhaint amach.
Léirigh do fhreagraí le cabhair cuar éilimh i gcás **gach** táirge díobh. (30)

| | **Táirge A: - 2.8** | **Táirge B: - 1.0** | **Táirge C: - 0.5** |
|---|---|---|---|
| **Athrú Praghais** | **Laghdaigh** an praghas | Fág an praghas **gan athrú** | **Méadaigh** an praghas |
| **Cineál earra** | **Leaisteach** | **Aonadleaisteach** | **Neamhleaisteach** |
| **Fáth** | Mar:<br>sáraíonn<br>an ↑ **%** san éileamh<br>an ↓**%** sa phraghas | Mar:<br>is ionann<br>an Δ % san éileamh<br>agus an Δ % sa phraghas | Mar:<br>sáraíonn<br>an ↑ % sa phraghas<br>an ↓ % san éileamh |
| **Tionchar ar Ioncam Iomlán** | Méadóidh sé sin | Ní thiocfaidh athrú air sin | Méadóidh sé sin |
| **Cuar an Éilimh:** |  | | |
| | **10 marc** | **10 marc** | **10 marc** |

**(c)** Tugtar an t-eolas seo a leanas duit faoi tháirgí ar leith:

Trasleaisteachas an Éilimh idir Táirge X & Táirge A = -0.8
Trasleaisteachas an Éilimh idir Táirge X & Táirge B = +3.2
Trasleaisteachas an Éilimh idir Táirge X & Táirge C = -1.6
Trasleaisteachas an Éilimh idir Táirge X & Táirge D = +0.5

(i) Cé na táirgí díobh sin thuas atá ina n-ionadaithe do Tháirge X? Mínigh do fhreagra.
(ii) Cén táirge díobh an comhlánú is gaire do Táirge X? Mínigh do fhreagra.

(20)

**Tá táirge B agus D ina n-ionadaithe do** Tháirge X.

Is éard is cúis leis sin go bhfuil Trasleaisteachas an Éilimh dearfach ag ionadaithe. Fágann sé sin go méadaíonn an t-éileamh atá ar Tháirge B agus ar Tháirge D de réir mar a mhéadaíonn praghas Tháirge X.

**10 (4 + 6) marc**

**Is é Táirge C an comhlánú is gaire** do Tháirge X.

Tá luach uimhriúil níos airde ag Táirge C ná mar atá ag Táirge A, mar sin, is é sin an comhlánú is gaire dó.
Má mhéadaíonn praghas Tháirge X titfidh an t-éileamh ar Tháirge C de chéatadán níos mó ná an t-éileamh ar Tháirge A.

**10 (4 + 6) marc**

## C2 Iomaíocht Fhoirfe agus Iomaíocht Fhoirfe i gcodarsnacht le monaplacht

**(a)** (i) Mínigh an chúis atá leis an gcruth atá ar chuar éilimh gnólachta aonair in iomaíocht fhoirfe.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an iomaíocht fhoirfe.

(20)

(i)

- Is praghasghlacadóir gnólacht in iomaíocht fhoirfe / glacann sé le praghas an mhargaidh.

**6 mharc**

- Ní féidir leis an ngnólacht aonair tionchar a imirt ar phraghas an mhargaidh leis féin toisc go seasann an gnólacht aonair do chuid chomh beag sin den soláthar iomlán.

**Nó**

- Má méadaíonn sé an praghas titfidh an chainníocht a éilítear go dtí a náid de réir mar a athraíonn tomhaltóirí go dtí a mhacasamhail d'earraí ata níos saoire.

**4 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an iomaíocht fhoirfe.

**Praghsanna ísle**
Díolann an gnólacht a chuid táirgí ar an bpraghas is ísle is féidir.

**Éifeachtúil**
Táirgeann an gnólacht ar an bpointe is ísle meánchostais, mar sin, ní chuirtear acmhainní ganna amú.

**Ní dhéantar fógraíocht**
Ós rud é gur earraí aonchineálacha iad ní gá fógraíocht (gan tairbhe) a dhéanamh.


**Tuilltear brabús normálta**
Ós rud é go bhfuil saoirse iontrála sa mhargadh ní thuillfidh aon ghnólacht brabús osnormálta san fhadtréimhse de réir mar a thagann gnólachtaí nua isteach / ní bheifear ag teacht i dtír ar na tomhaltóirí.

**2 × 5 mharc an ceann**

**(b)** (i) Mínigh, le cabhair léaráide lipéadaithe, staid chothromaíochta gnólachta atá in **iomaíocht fhoirfe ghearrthréimhseach**.

(ii) Mínigh, le cabhair léaráidí lipéa**daithe, an tionchar a bheadh ag gnólachtaí nu**a ar an margadh **agus** ar staid chothromaíochta an ghnólachta seo. (35)

(i)





| *Léaráid* | *Míniúchán* |
|---|---|
| **7 marc** | **10 marc: 5 × 2 mharc an ceann** |
| • Cuar MC | • Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe A: MC = MR agus gearrann MC cuar MR ón taobh thuas |
| • Cuar AC | • Táirgeann an gnólacht Q1 |
| • D = AR = MR | • Díolfaidh an gnólacht an t-aschur sin ar P1 |
| • Pointe A | • Tá an costas táirgeachta ag pointe B. |
| • P1 | • Tuillfidh an gnólacht brabús osnormálta mar tá AR níos mó ná AC. |
| • Q1 | |
| • Tá an costas ag pointe B. | |


**17 marc**

(ii) Mínigh, le cabhair léaráidí lipéadaithe, an tionchar a bheadh ag gnólachtaí nua ar an margadh **agus** ar staid chothromaíochta an ghnólachta seo.

**Margadh**




**Gnólacht**




**An Margadh agus Gnólacht Aonair**

| Léaráid an Mhargaidh: | Léaráid an Ghnólachta: | Míniúchán |
|---|---|---|
| **4 mharc** | **4 mharc** | **10 marc: 5 × 2 mharc an ceann** |
| • **$S_1$** | • D = AR =MR (nua) | • Aistríonn cuar sholáthar an mhargaidh ar dheis. |
| • **$S_2$** | • $P_2$ | • Titeann praghas an mhargaidh |
| • **$P_1$** | • $Q_2$ | • Titeann C/É an ghnólachta aonair / titeann a phraghas. |
| • **$P_2$** | • Pointe cothromaíochta (E) | • Táirgfidh an gnólacht cainníocht níos lú anois. |
| | | • Titfidh méid an bhrabúis osnormálta a thuilltear / cuirfear as an áireamh iad. |

**18 marc**

**(c)** Cuir sainchomharthaí na hiomaíochta foirfe i gcodarsnacht le sainchomharthaí na monaplachta faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Bacainní ar iontráil;
- Brabús san fhadtréimhse;
- Barainneachtaí scála;
- Idirdhealú praghsanna. (20)

**Bacainní ar iontráil: 6 mharc**

| Iomaíocht Fhoirfe | Monaplacht |
|---|---|
| **Níl aon bhacainní ar iontráil.**<br>• Toisc gur féidir dul isteach sa tionscal agus amach as gan bhac. | **Tá bacainní ar iontráil.**<br>• Ní féidir le gnólachtaí dul isteach ann mar d'fhéadfadh sé go mbeadh bacainní costas rompu; rialachán an rialtais a chuireann cosc ar an tsaoriontráil. |

**Brabús san fhadtréimhse: 6 mharc**

| Iomaíocht Fhoirfe | Monaplacht |
|---|---|
| **Níl thuilltear ach brabús normálta.**<br>• Toisc gur féidir dul isteach sa tionscal agus amach as rachaidh gnólachtaí nua isteach agus beidh deireadh leis an mbrabús osnormálta.<br>• Ní thuilltear sin ach áit a bhfuil AR = AC. | **Is féidir brabús osnormálta a thuilleamh.**<br>• Ní féidir le gnólachtaí dul isteach ann, mar sin, is féidir leis an ngnólacht sin leanúint de bhrabús osnormálta a thuilleamh.<br>• Mar is féidir go sáraíonn AR AC. |

**Barainneachtaí scála: 4 mharc**

| Iomaíocht Fhoirfe | Monaplacht |
|---|---|
| **Is iondúil nach mbaineann siad sochar as Barainneachtaí Scála.**<br>• Toisc nach dtáirgeann siad ach codán beag d'aschur iomlán ní féidir leo barainneachtaí scála a bhaint amach. | **D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé sochar as Barainneachtaí Scála.**<br>• Ós rud é nach bhfuil ach an t-aon ghnólacht amháin sa tionscal is féidir leo leathnú agus sochar a bhaint as barainneachtaí scála. |

**Idirdhealú praghsanna: 4 mharc**

| Iomaíocht Fhoirfe | Monaplacht |
|---|---|
| **Ní féidir leis idirdhealú praghsanna a dhéanamh.**<br>• Níl smacht ag an ngnólacht ar an bpraghas a ghearrann sé toisc gur gá dó glacadh le praghas an mhargaidh. | **D'fhéadfadh sé idirdhealú praghsanna a dhéanamh.**<br>• Tá cumhacht monaplachta aige / smacht aige ar an bpraghas a ghearrtar nó ar aschur a tháirgtear, rud a fhágann gur féidir leis praghsanna difriúla a ghearradh ar thomhaltóirí difriúla as an earra céanna. |

## C3 Téarmaí / Fiontraíocht / Marthanas gnólachtaí beaga

**(a)** (i) Mínigh na téarmaí seo a leanas i dtaca le toisc tháirgeachta:
- Praghas Soláthair;
- Tuilleamh Aistritheach.

(ii) Mínigh an coincheap *Cíos Eacnamaíoch* **agus** tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúinse faoina bhfuil toisc tháirgeachta in ann é a thuilleamh. (25)

(i)
**Praghas Soláthair:**
An íocaíocht is lú is gá chun toisc a úsáid agus le leanúint den úsáid áirithe sin a bhaint aisti.

**5 mharc**

**Tuilleamh Aistritheach:**
Tuilleamh tosca sa chéad rogha fostaíochta eile is fearr.

**nó**

An méid a chaithfidh toisc a fháil le leanúint den úsáid chéanna a bhaint aisti agus ionas nach n-aistreodh sí ina húsáid eile.

**5 mharc**

(ii)
**Cíos Eacnamaíoch:**
Aon tuilleamh a dhéanann toisc tháirgeachta os cionn a praghais soláthair / a tuillimh aistrithigh.

**5 marc**

**Dhá** chúinse faoina bhfuil toisc tháirgeachta in ann é a thuilleamh:

**1. Ganntanas i soláthar aon toisce táirgeachta**
Má bhíonn talamh / saothar gann tiocfaidh méadú ar a phraghas.

**2. Scil nó tallann ar leith a bheith ag duine**
Má bhíonn scil ag duine ar a bhfuil an-éileamh e.g. imreoir proifisiúnta sacair, féadfaidh siad táillí arda a ghearradh.

**3. Cíos as ucht Ábaltachta**
Is féidir le fiontraí a cheapann earra a bhfuil an-éileamh air ioncam ard a éileamh.

**4. Tosca táirgeachta atá sonrach ar fad**
Níl aon deischostas ag baint le toisc tháirgeachta atá ann cheana a úsáid agus í sonrach ar fad (nach féidir í a chur in oiriúint d'úsáidí eile, e.g. stáisiún traenach). Dá n-íocfaí as an toisc shonrach sin a úsáid d'fhágfadh sin gur chíos eacnamaíoch a bheadh san íocaíocht ar fad, toisc gurb ionann an deischostas agus a náid.

**2 phointe × 5 mharc an ceann**

**(b)** (i) Luaigh agus mínigh na cúiseanna eacnamaíocha a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach i bhforbairt gheilleagar na hÉireann.

(ii) Luaigh agus mínigh **trí** shlí a dtiocfadh le Rialtas na hÉireann an fhiontraíocht in Éirinn a spreagadh. (30)

(i) Luaigh agus mínigh na cúiseanna eacnamaíocha a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach i bhforbairt gheilleagar na hÉireann.

**1. Cruthaíonn fiontraíocht fostaíocht**
Teastaíonn oibrithe ó fhiontraithe chun earraí/seirbhísí a tháirgeadh. Cuireann siad deiseanna inmharthana fostaíochta ar fáil don lucht saothair agus cuidíonn siad le dífhostaíocht a laghdú.

**2. Eagraíonn sí táirgeacht**
Eagraíonn fiontraithe na tosca táirgeachta eile ina n-aonaid táirgeachta. Murach fiontraithe ní bhainfí úsáid na tosca táirgeachta sin.

**3. Cad is cóir a tháirgeadh / Cé na praghsanna is cóir a ghearradh**
Cinneann fiontraithe cé na hearraí agus na seirbhísí atáthar le táirgeadh agus cé mhéad díobh sin a tháirgfear, trí éileamh an tomhaltóra a réamh-mheas agus trí na praghsanna is gá a ghearradh a chinneadh.

**4. Nuálaíocht**
D'fhéadfadh fiontraithe rathúla cuid dá mbrabús a infheistiú i bhforbairt earraí nua, a rachadh chun sochair don tsochaí. Leis sin, thiocfadh feabhas ar ár gcaighdeán maireachtála / ar cháilíocht na beatha.

**5. Spreagann sí infheistíocht bhreise / Cultúr fiontraíochta**
Cuireann fiontraithe a gcuid airgid mar aon lena gcuid scileanna i ngnólacht le súil go ndéanfaidís brabús agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí infheistíocht bhreise sa gheilleagar / i gcultúr na fiontraíochta dá mbeadh rath air.

**6. Margadh do chistí coigilteoirí**
Soláthraíonn fiontraithe margadh infheistíochta do chistí coigilteoirí, a ghineann toradh ar choigilteas.

**7. Ioncam don rialtas**
Cuidíonn fiontraithe le hioncam a ghiniúint don rialtas trí ioncaim ó chánachas: cáin chorparáide, CBL; cánacha ioncaim.

**8. Comhardú na n-íocaíochtaí a fheabhsú**
Má dhéantar na hearraí a tháirgeann na fiontraithe a easpórtáil cuideoidh sin le staid chomhardú na n-íocaíochtaí a fheabhsú.

**9. Cruthaíonn sí saibhreas**
Cruthaíonn fiontraithe rathúla saibhreas agus eascraíonn fás geilleagrach as sin / méadú san OTI.

**3 × 5 mharc an ceann**

(ii) Luaigh agus mínigh **trí** shlí a dtiocfadh le Rialtas na hÉireann an fhiontraíocht in Éirinn a spreagadh.

**1. Oideachas fiontraíochta**
Dá spreagfadh an rialtas béim níos mó ar oideachas fiontraíochta sna scoileanna agus sna coláistí, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó daoine toilteanach dul sa seans leis an bhfiontraíocht.

**2. Beartais chánachais**
Dá choinníonn an rialtas cáin ar bhrabús corparáideach mar atá tharlódh go bhfeicfeadh daoine go bhféadfaí níos mó brabúis a dhéanamh. Ar an dóigh chéanna, dá laghdófaí rátaí CBL d'fhéadfadh sé go méadófaí an t-éileamh ar earraí agus go méadófaí na díolacháin.

**3. Beartais / rialachán an rialtais**
Dá laghdódh an rialtas na rialacháin a bhaineann le gnó a chur ar bun nó dá mbainfeadh sé constaicí riaracháin d'fhéadfadh sé go mbeadh suim ag níos mó daoine a bheith ina bhfiontraithe. Anuas air sin, dá dtairgfeadh sé deontais agus dreasachtaí eile chun gnó a bhunú tharlódh go ndéanfadh níos mó daoine é sin / go mbeadh timpeallacht fhabhrach gnó ann.

**4. Beartais an mhargaidh saothair**
Is spreagadh é lucht saothair foghlamtha/oilte a bheith ar fáil ag daoine gnó a bhunú. Infheistíocht in ollscoileanna / i gcoláistí tríú leibhéal.

**5. Dearcadh eacnamaíoch níos fearr / muinín as an ngeilleagar**
Dá gcuirfeadh an rialtas le dearcadh dearfach ar an ngeilleagar lena bheartais eacnamaíocha agus shóisialta, tharlódh go rachadh níos mó daoine sa seans leis.

**6. Bonneagar a fhorbairt**
Dá n-infheisteofaí i dteicneolaíocht chumarsáide trí leathanbhanda a sholáthar spreagfaí daoine le gnó a thosú.

**7. Iomaíochas a fheabhsú**
Tá iomaíochas thionscal na hÉireann ag dul i bhfeabhas faoi láthair. Dá bhféadfaí bearta a dhéanamh chun an t-iomaíochas a fheabhsú tuilleadh d'fhéadfadh sé go dtabharfaí spreagadh do dhaoine gnó a thosú, e.g. cuótaí níos iomaíche le haghaidh cumarsáide, árachais, fuinnimh, etc.

**8. Fáil ar chreidmheas bainc**
Dá gcobhsófaí an rialtas na bainc d'fhéadfadh sé go gcuirfí ar a gcumas creidmheas a sholáthar agus daoine a spreagadh ar an dóigh sin chun iasacht a fháil agus gnó a bhunú.

**9. Tionscnaimh rialtais**
I measc na samplaí tá: 'Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012' a chuireann tacaíocht ar fáil do ghnóthaí atá ag streachailt le teacht ar chreidmheas. San áireamh tá Scéim Iasachta Micreamhaoiniúcháin ar fiú €100m í, Scéim Forbraíochta Caipitil ar fiú €150m í agus Scéim Ráthaíochta Iasachta.

**3 × 5 mharc an ceann**

**(c)** 'Tá 200,000 gnólacht beag in Éirinn agus 655,000 duine fostaithe iontu.'
(Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, Mí na Nollag 2011)

Pléigh na fáthanna a n-éiríonn le gnólachtaí beaga teacht slán i ngeilleagar na hÉireann. (20)

**1. Méid bheag an mhargaidh / an scála oibriúcháin**
Tá seans ann nach n-éascódh méid theoranta an mhargaidh gnó ar scála mór, e.g. i gceantar tuaithe d'fhéadfadh sé go mbeadh siopa beag inmharthana agus nach mbeadh ollmhargadh mór inmharthana.

**2. Seirbhísí pearsanta**
D'fhéadfadh sé go mbeadh aird phearsanta ag teastáil ó thomhaltóirí agus earraí nó seirbhísí á soláthar agus gurb é gnólacht beag an t-aon chineál gnó a bheadh in ann é sin a sholáthar, e.g. pluiméir a sholáthraíonn seirbhísí deisiúcháin do theaghlaigh.

**3. Dílseacht Tomhaltóirí**
D'fhéadfadh sé go mbeadh cáil bainte amach ag gnólacht beag in imeacht na mblianta lena sholáthar earraí agus seirbhísí dá chustaiméirí agus go mbeadh custaiméirí dílis don ghnólacht dá bharr sin, rud a fhágfadh go mbeadh sé deacair ar ghnólachtaí eile cos a chur i dtaca.

**4. Tacaíocht don Phobal**
D'fhéadfadh sé go dtacódh saoránaigh i bpobail bheaga le gnó áitiúil ionas go gcinnteofaí go leanfaí de sheirbhísí agus d'earraí a sholáthar, rud a chuidíonn le pobal inmharthana a choinneáil, e.g. margaí feirmeoirí a sholáthraíonn táirgí áitiúla don ghnó áitiúil.

**5. Margaí traidisiúnta / margaí nideoige**
- D'fhéadfadh sé go n-oirfeadh an cineál táirge / seirbhíse atá á sholáthar níos fearr do ghnólacht beag. I measc na samplaí tá: pleanálaithe bainise, táirgí lámhdhéanta / ceardaíochta; táirgí somheata, etc.
- Tharlódh go mbeadh sé níos fusa ar ghnólacht beag lonnú gar don mhargadh ach go mbeadh sé níos deacra ar ghnólacht mór é sin a dhéanamh, e.g. is féidir le daoine a dhíolann a gcuid ar thaobh an bhóthair a bheith solúbtha agus a suíomh á roghnú acu.

**6. Cineál eisiach an earra**
Earraí troma atá costasach a iompar, d'fhéadfadh sé go monarófaí go háitiúil ar scála beag iad leis na margaí in aice láimhe a sholáthar, e.g. bloic choincréite a mhonarú in áiteanna ina soláthraítear seirbhís do mhargaí áitiúla.

**7. Fáil ar chaipiteal**
D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ar ghnólachtaí beaga teacht ar an airgeadas chun a gcuid oibriúchán a leathnú agus fanann an gnó beag mar gheall air sin.


**8. Ballraíocht i ngrúpaí deonacha**
D'fhéadfadh gnólachtaí beaga áirithe a tháirgeann ar scála beag a bhfuil de mhíbhuntáiste acu san iomaíocht le gnólachtaí móra a fhritháireamh trí chomhstraitéis mhargaíochta le soláthraithe beaga eile – grúpaí óstán, siopaí grósaeireachta ar le húinéirí aonair iad ach atá ag trádáil faoi ainm comhroinnte (Spar, Centra, etc.).

**4 × 5 mharc an ceann**

## C4 Costais / Suíomh gnó

**(a)** Le cabhair **dhá** léaráid atá lipéadaithe go soiléir, mínigh an coibhneas idir:
(i) Cuar an mheánchostais ghearrthréimhsigh agus cuar an mheánchostais fhadtréimhsigh.
(ii) Cuar an mheánchostais ghearrthréimhsigh agus cuar an chostais imeallaigh. (25)

(i) Cuar an mheánchostais ghearrthréimhsigh agus cuar an mheánchostais fhadtréimhsigh




**MCGT:** Léiríonn gach cuar MCGT scála difriúil oibriúcháin / méid dhifriúil gnólachta.

***nó***

De réir mar a leathnaíonn gnólacht léiríonn gach cuar MCGT a chuid costas ar chéim dhifriúil den fhorbairt.


**MCFT:** Is éard atá ann ná na pointí is ísle ar chuar an MCGT.

***nó***

Is aidhm do ghnólacht ar bith a bhrabús a mhéadú a oiread agus is féidir mar sin táirgfidh an gnólacht sna háiteanna is ísle costais aonaid na táirgeachta, i.e. feadh na líne MCFT

**13 (6 + 3 +4) mharc**

(ii) Cuar an mheánchostais ghearrthréimhsigh agus cuar an chostais imeallaigh.




**Léaráid: 6 mharc: Costais, Cainníocht: 1 mharc an ceann. CI agus MC: 2 mharc an ceann**

| |
|---|
| Nuair atá CI **níos mó ná** MC, **tá MC ag ardú** |
| Nuair atá CI **níos lú ná** MC, tá MC **ag titim** |
| Nuair **is ionann** CI agus MC, tá CI **ar an méid is lú** / seasmhach |

**12 (6 + 6) mharc**

(b) Déan plé ar na tosca eacnamaíocha ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh agus é ag cinneadh ar an áit a lonnóidh sé a chuid oibriúchán. (25)

## Taobh istigh de thíortha

**Bonneagar Iompair**
D'fhéadfadh sé go mbeadh bonneagar éifeachtúil iompair ag teastáil ó ghnólacht chun a chuid earraí a chur chun an mhargaidh, chun amhábhair a fhoinsiú, etc. D'fhéadfaí a chur san áireamh ansin líonra maith bóthair a bheith aige agus a bheith gar do chalafort agus/nó d'aerfort.

**Teacht ar sholáthar uisce / cumhachta**
Beidh soláthar gan bhriseadh de chumhacht agus d'uisce glan de dhíth ar ghnólacht déantúsaíochta.

**Talamh chun leathnú a dhéanamh / costas talún**
Má bhíonn sé i gceist ag gnólacht cur lena ghnó, beidh talamh ag teastáil uaidh ar phraghas réasúnta chun leathnú a dhéanamh.

**Cead pleanála**
Caithfidh gnólachtaí a chinntiú go bhfuil an cead pleanála cuí ar fáil ón údarás áitiúil.

**Rialacháin timpeallachta**
D'fhéadfadh tionscal áirithe a bheith faoi réir rialachán timpeallacha áirithe agus ní mór iad sin a sheiceáil leis an údarás cuí.

**Fáil ar lucht saothair**
Beidh lucht saothair oilte / a bhfuil Béala ar thoil aige ag teastáil ón ngnólacht.

**Dreasachtaí rialtais**
D'fhéadfadh sé go mbeadh dreasachtaí cánach / deontais ann dá mbeadh an gnólacht lonnaithe in áiteanna áirithe sa tír. Tá ráta na cánach ar bhrabús corparáide in Éirinn ar cheann de na fáthanna a lonnaíonn corparáidí ilnáisiúnta anseo. D'fhéadfadh dreasachtaí eile a bheith ar fáil le gnólachtaí a mhealladh, i.e. cead pleanála nach bhfuil chomh sriantach sin, etc.

**Bheith i ngaireacht don mhargadh**
Caithfidh gnólacht a bhíonn ag brath ar sreabhadh foisteanach tomhaltóirí lonnú gar don mhargadh, i.e. búitíc.

**Bheith i ngaireacht do na hamhábhair**
Caithfidh gnólacht a úsáideann cuid mhór amhábhar lonnú gar don áit ina gcuirtear ar fáil iad, i.e. stáisiún giniúna cumhachta.

**Eile: Fáil ar bhonneagar sóisialta / fáil ar sheirbhísí tacaíochta (árachas / baincéireacht. etc.) / Creat Rialála an Rialtais (rómhaorlathas, rialacháin).**

## Trasna Tíortha

**Teacht ar mhargadh an AE / Ball d'airgeadra an euro**
Lonnóidh gnólachtaí áit a bhfuil teacht acu ar shaorghluaiseacht a gcuid earraí san AE. Éascaíonn ballraíocht d'airgeadra an euro íocaíocht as idirbhearta idirnáisiúnta i limistéar an euro.

**Caidreamh tionsclaíoch maith**
Teastaíonn síocháin thionsclaíoch ó ghnólachtaí ionas nach gcuirfeadh gníomhaíocht thionsclaíoch isteach ar an táirgeacht.

**Tarraingt an Toraidh ar Infheistíochtaí**
Lonnóidh gnólachtaí áit a bhfuil an ráta toraidh ar a gcuid infheistíochta maith go leor chun iad a mhealladh chuig suíomh ar leith.

**Timpeallacht gheilleagrach chobhsaí / fás geilleagrach**
Spreagann tíortha atá ag feidhmiú go maith / ina bhfuil an geilleagar ag fás breis muiníne as cúrsaí gnó agus soláthraíonn siad margaí intíre níos mó. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sin misneach i ngnólachtaí lonnú ansin.

**Pá íseal / costais táirgeachta ísle**
Tharlódh go lonnódh gnólachtaí i réigiúin ina bhfuil rátaí ísle pá agus / nó costais táirgeachta ísle.

**5 × 5 mharc an ceann**

**(c)** Déanann Aigéan Gorm Tta dhá bhád gach seachtain agus bíonn na costais seachtainiúla seo a leanas air:

- Cíos: €1,200
- Amhábhair: €2,000
- Saothar: €1,600
- Brabús normálta: €1,000

Céard é an t-íosphraghas ar ar féidir **gach** bád díobh a dhíol má tá an táirgeacht le leanúint ar aghaidh:
(i) sa ghearrthréimhse? (ii) san fhadtréimhse?

Mínigh do fhreagra i **ngach** cás. (25 marc)

(i) Sa ghearrthréimhse

| | € |
|---|---|
| Amhábhair | 2,000 |
| Saothar | 1,600 |
| Costais athraitheacha iomlána | 3,600<br>2 |
| Íosphraghas in aghaidh an bháid | 1,800 |
| | |

**Míniú**: ní mór do ghnólacht a chostais athraitheacha a chlúdach sa ghearrthréimhse

**15 (9 +6) mharc**

(ii) San fhadtréimhse

| | € |
|---|---|
| Amhábhair | 2,000 |
| Saothar | 1,600 |
| **Cíos** | **1,200** |
| **Brabús normálta** | **1,000** |
| Costais iomlána | 5,800<br>2 |
| Íosphraghas in aghaidh an bháid | 2,900 |
| | |

**Míniú**: ní mór do ghnólacht a chostais ar fad a chlúdach san fhadtréimhse

**10 (6 +4) marc**

## C5 Daonra / Fás Geilleagrach / Thomas Malthus

**(a)** Léiríonn an tábla seo a leanas daonra an domhain agus an réamh-mheastachán do 2012 de réir mheastacháin Bhiúró Daonáirimh na Stát Aontaithe (USCB):

| **An Daonra ina bhilliúin** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | 1804 | 1927 | 1960 | 1974 | 1987 | 1999 | 2012 |
| **Blianta caite** | - | 123 | 33 | 14 | 13 | 12 | 13 |

(i) Mol **dhá** chúis leis an bhfás tapa atá tagtha ar dhaonra an domhain le blianta beaga anuas.
(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann atá ag daonra atá ag méadú.

(30)

(i) Mol **dhá** chúis leis an bhfás tapa atá tagtha ar dhaonra an domhain le blianta beaga anuas.

**1. Ta rátaí breithe níos airde ná rátaí báis**
Ó tharla go sáraíonn an ráta breithe an ráta báis tá méadú nádúrtha ag teacht ar dhaonra an domhain.

**2. Cúram sláinte**
Tá líon níos lú daoine ag fáil bháis de thinnis mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta i dteicneolaíocht an chúraim shláinte agus i gcúrsaí leighis. Ó tharla go bhfuil fáil ar antaibheathaigh agus teacht ar vacsaíní anois díothaíodh a lán galar, an bhruitíneach agus an eitinn, mar shampla.

**3. Beartais rialtais**
Níl an oiread sin galar á leathadh faoi láthair mar gheall ar chóras séarachais níos fearr a bheith ann. Nuair a dhéantar uisce atá slán le hól a fhorbairt is lú an t-éilliú a tharlaíonn.
Teacht ar chógais in aghaidh galair éagsúla.

**4. Méadú ar tháirgiúlacht talmhaíochta**
Níl an oiread sin daoine ar an ngorta a bhuí le cleachtais talmhaíochta níos fearr, rud a fhágann gur féidir leis an bhfeirmeoireacht líon i bhfad níos mó daoine a chothú. Méadaíonn leasacháin agus lotnaidicídí níos fearr torthaí na mbarr agus laghdaíonn siad ar na barra a chailltear mar gheall ar lotnaidí, rud a mhéadaíonn an soláthar bia.

**5. Méadú ar ionchas saoil**
Maireann daoine níos faide a bhuí le dul chun cinn i gcúram sláinte agus le caighdeáin maireachtála níos fearr.

**6. Imirce idirnáisiúnta**
Sna réigiúin fhorbartha tá fás tagtha ar an daonra mar gheall ar leibhéil arda imirce idirnáisiúnta tríd is tríd.

**2 × 5 mharc an ceann**

(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann atá ag daonra atá ag méadú.

**1. Margadh intíre níos mó**

- De réir mar atá an daonra ag méadú bíonn éileamh níos mó ar earraí agus ar sheirbhísí sa tír.
- D'fhéadfadh deiseanna méadaithe infheistíochta eascairt as seo.
- D'fhéadfadh sé go mbainfeadh gnólachtaí a mhéadaíonn an t-aschur tairbhe as barainneachtaí scála.

**2. Brú ar an mbonneagar / pleanáil geilleagair**

- Má tá an daonra ina chónaí in áiteanna faoi thearcdhaonra is mó an úsáid a bhainfear as seirbhísí.
- Bíonn brú níos mó ar bhonneagar reatha na tíre, e.g. scoileanna, ospidéil, iompar, etc.
- Ba cheart d'údaráis láir agus áitiúla níos mó pleanála a dhéanamh de bharr méadú ar an daonra chun an bonneagar a fhorbairt / chun seirbhísí a sholáthar sa todhchaí.

**3. Cóimheas an chleithiúnas**

- Má bhíonn líon méadaithe daoine sa lucht saothair laghdófar an cóimheas cleithiúnais agus beidh ioncaim méadaithe ó cháin ag an stát dá bharr sin.

***nó***

- Má thagann méadú ar an daonra mar gheall ar mhéadú sa ráta breithe tiocfaidh méadú ar an gcóimheas cleithiúnais agus beidh airgeadas breise stáit de dhíth.

**4. Straitéis fostaíochta an rialtais**

- D'fhéadfadh sé go mbeadh líon níos mó daoine ag dul isteach i margadh an tsaothair ná mar a bhíothas ag súil leis rud a fhágann gur tábhachtach don rialtas tús áite a thabhairt do chruthú fostaíochta.

**5. Luachanna talún**

- De réir mar a théann dlús an daonra i méid is beag talamh a bhíonn ar fáil agus d'fhéadfadh méadú teacht ar phraghas na talún dá bharr sin.

**6. Airgeadas an rialtais**

- Más iad rátaí méadaithe breithe is cúis leis an méadú ar an daonra is gá níos mó a chaitheamh ar sheirbhísí, i.e. oideachas, sláinte, etc.
- Más é lucht saothair méadaithe is cúis leis an méadú ar an daonra tiocfaidh méadú ar ioncam ó cháin, i.e. CBL, cánacha ioncaim, etc.
- Má eascraíonn breis dífhostaíochta as an méadú ar an daonra ardóidh caiteachas reatha an rialtais dá thoradh sin.

**4 × 5 mharc an ceann**

**(b)** (i) Luaigh agus mínigh sochair an fháis gheilleagraigh do thíortha tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla).

(ii) Déan plé ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le rátaí fáis méadaithe i dtíortha tearcfhorbartha. (25)

(i) Luaigh agus mínigh sochair an fháis gheilleagraigh do thíortha tearcfhorbartha(LDCs i mBéarla).

**1. Caighdeán maireachtála níos fearr**
Beidh daoine in ann níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach a bhuí le hioncaim níos airde, mar sin, tiocfaidh feabhas ar a gcaighdeáin mhaireachtála.

**2. Seirbhísí níos fearr**
Ba cheart go dtiocfadh méadú ar ionchas saoil a bhuí le hoideachas níos fearr, seirbhísí sláinte feabhsaithe.

**3. Fostaíocht / a bheith ag brath níos lú ar an earnáil phríomhúil**
Breis deiseanna fostaíochta mar gheall ar mhéadú ar an éileamh.
Ní bhíonn siad ag brath an oiread sin ar an talmhaíocht / ar an earnáil phríomhúil le poist a chruthú.

**4. Beidh acmhainní ar fáil don rialtas**
Beidh an rialtas in ann infheistíocht bhreise a dhéanamh sa tír a bhuí le méadú ar an ioncam ó chánacha.

**5. Tiocfaidh laghdú ar an mbochtaineacht**
Cuidiú é le bochtaineacht a laghdú níos mó scoileanna, tithe agus seirbhísí riachtanacha eile a bheith ann.

**6. Infheistíocht sa Taighde agus san Fhorbairt**
Ba cheart go bhféadfaí teacht ar níos mó airgid lena infheistiú sa T&F, rud a mhéadódh fás geilleagrach sa todhchaí.

**7. Bheith ag brath níos lú ar chúnamh ón iasacht / ar iasachtaí**
Dá mbeadh fás geilleagrach ann bheadh níos lú cúnaimh ón iasacht ag teastáil ó thíortha tearcfhorbartha / tá seans ann go bhféadfaidís iasachtaíocht eachtrach a laghdú.

**3 phointe × 5 mharc an ceann**

(ii) Déan plé ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le rátaí fáis méadaithe i dtíortha tearcfhorbartha.

| Buntáistí | Míbhuntáistí |
|---|---|
| **Breis Easpórtálacha / margadh níos mó**<br>Dá mbeadh ioncam níos airde ag daoine tá seans ann go bhféadfaidís níos mó easpórtálacha a cheannach agus go mbeadh fás geilleagrach méadaithe in Éirinn dá bharr sin. | **Cuideachtaí a athlonnú**<br>D'fhéadfadh roinnt corparáidí ilnáisiúnta / gnólachtaí Éireannacha athlonnú i dtíortha tearcfhorbartha de bharr costas níos ísle sna tíortha sin agus d'eascródh dífhostaíocht in Éirinn as sin. |
| **Praghsanna níos ísle do thomhaltóirí**<br>D'fhéadfadh tíortha tearcfhorbartha a gcuid earraí a dhíol in Éirinn ar phraghas a bheadh níos saoire ná praghas earraí a táirgeadh sa tír. | **Bille iompórtála níos airde**<br>Dá mbeadh na hearraí i dtíortha tearcfhorbartha níos saoire tá seans ann go n-iompórtálfaí níos mó earraí, go mbeadh bille iompórtála níos airde i gceist agus go gcaillfí poist in Éirinn. |
| **Fostaíocht**<br>Má easpórtáiltear níos mó tagann méadú ar na deiseanna post in Éirinn. | **Méadú ar an éileamh ar acmhainní**<br>Méadóidh tíortha tearcfhorbartha an t-éileamh atá acu ar acmhainní ganna agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar a bpraghas leis sin e.g. ola |
| **Laghdú ar an ngá le cúnamh ó stát na hÉireann / deischostas**<br>Má bhíonn rátaí fáis méadaithe i dtíortha tearcfhorbartha tá seans ann nach gá do rialtas na hÉireann forbairt a mhaoiniú an oiread sin / féadfaidh an rialtas úsáid eile a bhaint as an airgead sin. | **Méadú ar thruailliú an domhain**<br>D'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an truailliú mar gheall ar fhás geilleagrach agus tharlódh go mbeadh ar Éirinn aghaidh a thabhairt air sin / ar mhéadú ar astuithe carbóin dá bharr sin. |
| **Ioncaim indiúscartha in Éirinn**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh gur lú an gá a bheadh ann cúnamh airgeadais a thabhairt agus go mbeadh breis ioncaim indiúscartha ag saoránaigh Éireannacha dá bharr sin. | |
| **Barainneachtaí scála**<br>Dá méadódh gnólachtaí Éireannacha táirgeacht chun na tíortha tearcfhorbartha a sholáthar d'fhéadfaidís sochar a bhaint as barainneachtaí scála. | |
| **1 × 5 mharc** | **1 × 5 mharc** |

**(c)** Ina shaothar *Aiste ar Phrionsabal an Daonra* (1798) chuir an t-eacnamaí clasaiceach, Thomas Malthus, teoiric faoi chúrsaí daonra chun tosaigh.
(i) Mínigh teoiric Malthus faoi chúrsaí daonra.
(ii) An mbaineann teoiric Malthus faoi chúrsaí daonra le hábhar sa lá atá inniu ann. Mínigh do fhreagra. (20)

(i) Mínigh teoiric Malthus faoi chúrsaí daonra.

- Dúirt Malthus go dtagann méadú ar an daonra de réir seicheamh iolraíoch (i.e. 2, 4, 8, 16, etc.) agus go dtagann méadú ar sholáthar bia de réir seicheamh comhbhreise (i.e. 2, 3, 4, 5, etc.).
- Sháródh an daonra an gléas beatha / eascródh gorta, galar, etc. as sin.

**10 (4 + 4 +2) marc.**

(ii) An mbaineann teoiric Malthus faoi chúrsaí daonra le hábhar sa lá atá inniu ann? Mínigh do fhreagra.

| | **Baineann**<br>Baineann a theoiric le hábhar inniu | **Ní bhaineann**<br>Ní bhaineann a theoiric le hábhar inniu |
|---|---|---|
| Daonra | • An méadú gasta ar an daonra<br>• Tá breis is seacht mbilliún duine ar domhan<br>• Tá dáileadh míchothrom daonra ar fud an domhain idir tíortha tearcfhorbartha agus tíortha i mbéal forbartha. | • Tá bearta cuimsitheacha rialaithe i bhfeidhm ar fud an domhain a chuidíonn le fás daonra a rialú.<br>• Déanann tíortha áirithe rialúchán docht ar an daonra, e.g. Beartas Páiste Aonair na Síne |
| Táirgeacht bia | • Ní fhéadfaí méadú comhréireach i dtáirgeacht bia freagairt don mhéadú gasta ar an daonra.<br>• Tá míchothú ar an daonra i roinnt tíortha i mbéal forbartha.<br>• Maidir leis an Afraic, measann na Náisiúin Aontaithe má thagann méadú leanúnach ar an daonra agus má leantar den díghrádú ar an ithir, tá seans ann nach mbeidh an ilchríoch in ann ach 25% dá dhaonra a bheathú faoi 2025. | • Mar gheall ar an bhforbairt ar bharra ardtoraidh / modhnú géiniteach, tá méadú ag teacht ar tháirgeacht bia.<br>• Tá na iompórtálacha níos saoire a sholáthraíonn náisiúin fhorbartha (an AE; Meiriceá Thuaidh) ag cuidiú le bia a dháileadh ar fud an domhain. |
| | **2 phointe × 5 mharc an ceann** | **2 phointe × 5 mharc an ceann** |

## C6 Cuspóirí eacnamaíocha / Cánachas / Oideachas Tríú Leibhéal a mhaoiniú

**(a)** Tá sé ar cheann de na cuspóirí eacnamaíocha atá ag Rialtas na hÉireann faoi láthair caiteachas reatha an rialtais a laghdú.
Pléigh **ceithre** chuspóir eacnamaíocha eile de chuid an Rialtais **agus** bain úsáid as staitisticí / eolas ábhartha chun do rogha a chosaint. (20)

**1. Dífhostaíocht a laghdú (eisimirce a shrianadh)**
Beartais a leanúint a chuirfidh feabhas ar ár n-iomaíochas, a neartóidh easpórtálacha agus a chuideoidh le poist a chruthú in Éirinn. Chuideodh sé sin le líon na ndaoine a théann ar imirce as Éirinn a laghdú. Is é 14.8% an ráta dífhostaíochta faoi láthair.

**2. Fás geilleagrach a bhaint amach**
Tá an ráta fáis faoi gheilleagar na hÉireann íseal: 0.5% i gcomhair 2012. Tá súil ag an rialtas go bhfillfimid ar staid fáis gheilleagraigh níos fearr ionas go gcruthófar poist, go ndéanfar infheistíocht agus go dtiocfaidh feabhas ar staid airgeadais an stáit.

**3. An bonn cánach a leathnú**
Thug an rialtas isteach an muirear teaghlaigh mar aon le muirear ar iniúchadh a dhéanamh ar dhabhcha séarachais agus tá sé i gceist aige cáin uisce a thabhairt isteach freisin. Cuirfear cobhsaíocht ar fáil leis sin agus cinnteofar ioncam rialtais freisin.

**4. An fiachas náisiúnta a laghdú**
Ag deireadh mhí na Bealtaine 2012 ba é €129.03 bn fiachas náisiúnta na hÉireann.
Ní mór don rialtas, i gcomhaontú leis an Troika, é sin a laghdú. D'fhéadfadh sé sin cur le muinín an phobail as an ngeilleagar. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na cistí ó na sócmhainní stáit a dhíol chun an fiachas a laghdú.

5. **Cobhsaíocht san earnáil bhaincéireachta**
Trí na príomhbhainc a náisiúnú ba mhaith leis an rialtas cobhsaíocht a chur ar ais san earnáil, muinín a thabhairt chun iasachtú bainc a spreagadh agus d'fhéadfadh sé sin borradh a chur faoi infheistíocht geilleagrach / faoi fhás geilleagrach.

**6. Seirbhísí stáit a fheabhsú / féachaint chuige go mbeidh siad éifeachtúla**
Ag iarraidh níos mó a dhéanamh le níos lú. Is mian leis an rialtas seirbhísí a choinneáil don phobal ach tá níos lú airgid á thabhairt aige do gach earnáil chun a cuid seirbhísí a mhaoiniú.

**7. Bonneagar a fheabhsú**
Trí infheistíocht a dhéanamh ar an mbonneagar, e.g. clár tógála scoileanna de €1.5 bn, iompar poiblí, etc. tá súil ag an rialtas go gcuideoidh sin le fostaíocht a chruthú; go spreagfaidh sé infheistíocht bhreise agus go gcuideoidh sé le borradh a chur faoi ghníomhaíocht gheilleagrach.

**8. Borradh a chur faoi easpórtálacha / iomaíochas a fheabhsú**
Trí bhearta a dhéanamh chun iomaíochas a fheabhsú tá súil ag an rialtas go leanfaidh easpórtálacha Éireannacha de bheith ag fás agus go gcuideoidh sin le poist a chruthú. Mar sin féin, d'fhéadfadh laghdú ar rátaí fáis gheilleagraigh inár margaí easpórtála dul i bhfeidhm ar an éileamh ar ár n- easpórtálacha.

**9. Muinín tomhaltóirí a chothú arís**
Tá sé mar aidhm ag an rialtas an geilleagar a chobhsú chun daoine a spreagadh le níos mó airgid a chaitheamh. Ní raibh mórán muiníne ag tomhaltóirí le tamall anuas. Tuairiscíonn an tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh athruithe i bpatrúin chaiteachais i measc na dteaghlach Éireannach.

**10. Airgeadas an stáit**
Tá sé i gceist ag an rialtas caiteachas reatha a laghdú; ioncam ó chánacha a mhéadú agus leis sin an t-easnamh sa bhuiséad a laghdú go 3% den OTI faoi 2015.
Cáinaisnéis 2012: Fáltais ó chánacha: €35.6 bn / ioncam neamhchánach: €2.5 bn / caiteachas reatha: €51.2 bn.
Mar sin, bheifí ag súil leis gurbh ionann an t-easnamh sa bhuiséad reatha agus €13.1 bn.

**11. Forbairt chothrom réigiúnach a chur chun cinn.**
Tá sé mar aidhm ag an bPlean Forbartha Náisiúnta é sin a dhéanamh. Ní mór don rialtas leathanbhanda a fhorbairt, leanúnachas na n-aerfort réigiúnach a chinntiú, deiseanna oideachais a fhorbairt / a chur chun cinn sna réigiúin ionas go spreagfar gníomhaíocht gheilleagrach agus fás geilleagrach.

**12. Dáileadh saibhris**
Ní mór don rialtas féachaint chuige go leanúnach go gcoinnítear caighdeán maireachtála daoine a fhaigheann sochar leasa shóisialaigh, go ndéanann sé foráil leormhaith do phinsin amach anseo agus go gcuidíonn sé le hioncam a athdháileadh sa stát i bhfianaise na srianta reatha ar chaiteachas reatha an rialtais.

**4 × 5 mharc an ceann.**
**Ní mór tagairt a bheith ann do staitisticí reatha nó d'eolas ábhartha.**

**(b)** 'Tá tromlach na dtíortha i limistéar an euro a bhfuil easnaimh mhóra orthu ag baint úsáide as CBL chun ioncam a ghiniúint.'

(An Institiúid Chánachais in Éirinn, *The Irish Times*, Samhain 2011)

(i) Mínigh, agus tú ag baint úsáid as samplaí, an difríocht atá idir cánacha díreacha agus cánacha indíreacha.
(ii) Déan plé ar na buntáistí **agus** na míbhuntáistí eacnamaíocha, ó thaobh an Rialtais de, a bhaineann le rátaí CBL a ardú in ionad rátaí cánach ioncaim sa bhuiséad is déanaí.
(iii) Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a ndéanfadh sé leas gheilleagar na hÉireann dá gcuirfí cáin ar bhianna siúcrúla (e.g. deochanna súilíneacha). (35)

(i) **8 marc**

| | **Cánacha díreacha** | **Cánacha indíreacha** |
|---|---|---|
| Míniúchán | Is cánacha ar ioncam / ar shaibhreas / ar bhrabús iad | Is cánacha ar earraí /ar sheirbhísí / ar chaiteachas iad |
| Sampla | Cáin ioncaim; CBC; DIRT | CBL, Dleachtanna máil |

(ii) Déan plé ar na buntáistí **agus** na míbhuntáistí eacnamaíocha, ó thaobh an Rialtais de, a bhaineann le rátaí CBL a ardú in ionad rátaí cánach ioncaim sa bhuiséad is déanaí.

| **Buntáistí** (a bhaineann le rátaí CBL a ardú in ionad rátaí cánach ioncaim) | **Míbhuntáistí** (a bhaineann le rátaí CBL a ardú in ionad rátaí cánach ioncaim) |
|---|---|
| **Eacnamaíoch** Gearrtar costais bhailiúcháin ar na trádálaithe / miondíoltóirí seachas ar an stát. Tá an t-ioncam a bhailítear i bhfad níos mó ná na costais bhailiúcháin. | **Boilsciú** Eascróidh praghsanna níos airde as rátaí CBL méadaithe agus beidh boilsciú ann de bharr costbhrú dá thoradh sin. |
| **Ní féidir iad a sheachaint** Ó tharla gur cuid den phraghas díola í an cháin ní féidir iad a sheachaint. | **Éagothromasach / Aischéimnitheach** Ní chuireann cánacha díreacha cumas an duine íocaíocht a dhéanamh san áireamh. Mar sin, bíonn ualach níos mó ar ghrúpaí daoine ar ioncam íseal. |
| **Áisiúil** Ós rud é go gcuirtear san áireamh sa phraghas díola iad tá siad áisiúil don cháiníocóir. | **Dídhreasú chun airgead a chaitheamh** Ós rud é go bhfuil praghsanna ag ardú sa chúlú reatha tá seans ann go gcuirfidh daoine caiteachas siar. |
| **Ní haon dídhreasú chun oibre é** Dá méadófaí cánacha díreacha d'fhéadfadh sé gur dhídhreasú chun oibre é do cháiníocóirí. Ní tharlaíonn sé sin le méadú ar CBL, áfach. | **D'fhéadfadh sé go spreagfaí an geilleagar dubh** Tharlódh go n-athródh tomhaltóirí áirithe go dtí an geilleagar dubh agus go gcaillfeadh an stát ioncam dá bharr sin. |

| | |
|---|---|
| **D'fhéadfadh an rialtas leas a bhaint as sin chun patrúin tomhaltais a athrú.**<br>D'fhéadfadh an rialtas CBL a mhéadú ar na hearraí a mheasann sé a dhéanann díobháil don phobal, i.e. toitíní, alcól. | **Bíonn ualach an bhailiúcháin ar na miondíoltóirí / trádálaithe.**<br>Gníomhaíonn siad mar bhailitheoirí ioncaim agus ní mór nósanna imeachta a bhunú chun an t-ioncam a bhailiú, a thaifeadadh agus a chur ar aghaidh, rud a mhéadaíonn costais an ghnólachta. |
| **Gníomhaíonn CBL mar chobhsaitheoir ionsuite.**<br>De réir mar a leathnaíonn an geilleagar ardaíonn caiteachas agus ardóidh an t-ioncam a bhailítear ón gcánachas ar an dóigh chéanna. | **Ioncam neamhchinnte**<br>Níl an t-ioncam a bhailíonn an stát chomh cinnte céanna is atá an t-ioncam a bhailítear faoi chánacha díreacha. |
| **2 × 5 mharc** | **2 × 5 mharc** |

(iii) Tabhair breac-chuntas ar an dóigh a ndéanfadh sé leas gheilleagar na hÉireann dá gcuirfí cáin ar bhianna siúcrúla (e.g. deochanna súilíneacha).

**1. Ioncam don stát**
Thabharfadh an cháin sin isteach ioncam a bhfuil géarghá ag an rialtas leis.

**2. Chuideodh sí le tionscnaimh sláinte a mhaoiniú**
D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an ioncam a bhaileofaí le cláir a mhaoiniú a théann i ngleic le hotracht i measc daoine óga go háirithe.

**3. Caitheamh bia siúcrúla a laghdú**
Mhéadódh an cháin praghas an bhia sin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé de chlaonadh ag daoine an bia sin a cheannach dá bharr.

**4. Chuideodh sí le costais sláinte sa todhchaí a laghdú / daonra níos sláintiúla a chinntiú**
Dá gcuideofaí leis an méid a chaitear de faoi láthair a laghdú d'fhéadfadh sé go mbeadh níos lú fadhbanna sláinte ann sa todhchaí agus nach gcaithfí an oiread sin ar shláinte. Chuideodh galair níos lú sa daonra le costais sláinte atá ann faoi láthair a laghdú.

**An 1ú pointe ceart × 4 mharc**
**An 2ú pointe ceart × 3 mharc**

(c) Luaigh agus mínigh **dhá** argóint eacnamaíocha i bhfabhar mic léinn tríú leibhéal a bheith ag íoc cuid den chostas a bhaineann lena gcuid ardoideachais agus **dhá** argóint eacnamaíocha ina choinne. (20)

| Argóintí eacnamaíocha ina fhabhar | Argóintí eacnamaíocha ina choinne |
|---|---|
| **Costas laghdaithe ar na cáiníocóirí**<br>Laghdaítear costas an stáit as gach mac léinn agus ní gá don cháiníocóir an méid sin a íoc. Ní chuirfear míshásamh ar na cáiníocóirí nach dtéann chuig institiúidí 3ú leibhéal toisc nach gá dóibh an costas a íoc. | **Bacadh ar dhaoine ardoideachas a fháil**<br>D'fhéadfadh an t-ualach breise bacadh ar dhaoine áirithe freastal ar institiúidí tríú leibhéal toisc go bhféadfadh sé a bheith ródhaor / d'fhéadfadh sé go n-éireodh mic léinn áirithe as. |
| **Deischostas**<br>Is féidir leis an rialtas an coigilteas a dhéantar ar tháillí tríú leibhéal a úsáid chun críoch eile. | **Scileanna an daonra a laghdú**<br>Dá bhfreastalódh níos lú daoine ar na hinstitiúidí tríú leibhéal d'fhéadfadh an caighdeán oideachais / scileanna an daonra dul i laghad. |
| **Cothromasach**<br>D'fhéadfadh na mic léinn a bhfuil sé d'acmhainn ag a dteaghlach íoc, níos mó a íoc as a n-oideachas agus d'fhéadfadh sé go dtabharfaí deontais níos mó dóibh siúd nach bhfuil sé d'acmhainn acu íoc as. Má chuireann an t-oideachas lena chumas airgead a thuilleamh tá sé cothrom go n-íocfaidís a gcion. | **Dreasú laghdaithe infheistíocht a dhéanamh**<br>Má fheiceann corparáidí ilnáisiúnta go mbíonn tionchar ar cháilíocht an lucht saothair tá seans ann nach dtiocfaidís chun na hÉireann le lonnú inti. |
| **Tionchar ar institiúidí tríú leibhéal**<br>D'fhéadfaí an t-ioncam breise a úsáid chun raon na gcúrsaí a leathnú; foireann nua a cheapadh agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú. | **Éagothromasach**<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfí costas breise ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ó tharla nach bhfuil sé d'acmhainn acu, thar aon dream eile, na táillí a íoc d'fhéadfadh sé go mbeifí den tuairim go bhfuil siad éagothromasach. |
| | **Leibhéil mhéadaithe fiachais**<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfí iallach ar theaghlaigh áirithe iasacht a fháil le híoc as a gcuid oideachais. Bheadh a gcaighdeán maireachtála níos ísle de dheasca an ioncaim indiúscartha laghdaithe. |
| **2 × 5 mharc** | **2 × 5 mharc** |

## C7 Trádáil / Iomaíochas / Laghdú ar na rátaí fáis i limistéar an euro

**(a)** Léiríonn an tábla thíos Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh.

| *Tír* | **Aschur (táirgeadh in aghaidh an oibrí sa tseachtain)** | |
|---|---|---|
| | **Bia** | **Éadaí** |
| **An Ríocht Aontaithe**<br>**An tSín** | **40 aonad**<br>**60 aonad** | **10 n-aonad**<br>**20 aonad** |
| **Aschur Iomlán** | **100 aonad** | **30 aonad** |

(i) Luaigh *Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh*.
(ii) Mínigh conas a bhaineann an dá thír sochar as an trádáil idirnáisiúnta sa sampla thuas.
(iii) Ríomh téarmaí trádála an dá tháirge. Taispeáin do chuid oibre. (30)

(i) *Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh*

Dar leis an dlí ba cheart do thír speisialú i dtáirgeacht na n-earraí agus na seirbhísí sin ina bhfeidhmíonn sí ar an dóigh is éifeachtúla go coibhneasta / ina bhfuil an buntáiste comparáideach is mó aici agus trádáil a dhéanamh chun an chuid eile dá riachtanas a shásamh.

**10 (6 + 4) marc**

(ii) Mínigh conas a bhaineann an dá thír sochar as an trádáil idirnáisiúnta sa sampla thuas.

**Rogha 1**

**Má dhéanann an dalta talamh slán de nach bhfuil ach dhá thír ar domhan agus más é an chiall a bhaineann sé/sí as an gceist a rá cén chaoi a rachaidh trádáil chun sochair don domhan.**

- Tháinig méadú 10 n-aonad nó **33.33%** ar an aschur éadaí le speisialtóireacht.
- Tháinig laghdú 20 aonad nó **20 %** ar an aschur Bia.
- Mar sin, ó tharla go bhfuil an méadú 33⅓% ar an aschur éadaí níos mó ná an laghdú 20% ar an aschur bia, tá an domhan níos fearr as.

**8 (3 + 3 + 2) marc**

**Rogha 2**

**Freagraíonn an dalta cuid (ii) gan aird ar an bhfreagra ar chuid (iii)**

### An Ríocht Aontaithe

Maidir le gach aonad Éadaí a iompórtálann an Ríocht Aontaithe, chomh fada is a thugann an Ríocht Aontaithe níos lú don tSín ná mar a bheadh uaithi féin chun na héadaí sin a tháirgeadh, i.e. níos lú ná 4 aonad Bia, baineann an Ríocht Aontaithe sochar as an trádáil.

### An tSín

Maidir le gach aonad Bia a iompórtálann an tSín, chomh fada is a thugann an tSín níos lú don Ríocht Aontaithe ná mar a bheadh uaithi féin chun an Bia sin a tháirgeadh, i.e. níos lú ná 0.33 aonad Éadaí, baineann an tSín sochar as an trádáil.

**Rogha 3**

**Freagraíonn an dalta cuid (iii) den cheist ar dtús agus ansin freagraíonn cuid (ii) ag úsáid na faisnéise a fuarthas.**

Más féidir leis an Ríocht Aontaithe níos mó ná **0.25 d'aonad éadaí** a fháil ar gach 1 aonad bia a easpórtálann sí, téann an trádáil chun sochair di.

Más féidir leis an tSín níos mó ná **3 aonad bia** a fháil ar gach 1 aonad éadaí a easpórtálann sí, téann an trádáil chun sochair di.

**8 marc**

(iii) Ríomh **téarmaí trádála** an dá tháirge. Taispeáin do chuid oibre.

**An Ríocht Aontaithe**

| | | |
|---|---|---|
| Is ionann | 1 aonad Bia agus | 0.25 aonad éadaí |
| Is ionann | 1 aonad Éadaí agus | 4 aonad bia |

**An tSín**

| | | |
|---|---|---|
| Is ionann | 1 aonad Bia agus | 0.33 aonad éadaí |
| Is ionann | 1 aonad Éadaí agus | 3 aonad bia |

**Mar sin, sna réimsí a leanas a luíonn na téarmaí trádála a d'fhéadfadh a bheith ann don dá earra:**

BIA : idir 0.25 aonad éadaí agus 0.3 aonad éadaí
ÉADACH : idir 4 aonad bia agus 3 aonad bia

**4 phointe × 3 mharc an ceann**

**(b)** (i) Pléigh **trí** thoisc eacnamaíocha a mbíonn tionchar acu ar chumas iomaíochta ghnólachtaí na hÉireann sa trádáil idirnáisiúnta.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na sochair a bhaineann tomhaltóirí na hÉireann as an trádáil idirnáisiúnta. (25)

**(i)1. Rátaí boilscithe na hÉireann in aghaidh rátaí boilscithe a n-iomaitheoirí**

- Má bhíonn an leibhéal boilscithe níos ísle in Éirinn ná mar a bhíonn sé i margaí easpórtála an ghnólachta tá buntáiste praghais ag earraí an ghnólachta.

**2. Luach an Euro in aghaidh luach airgeadraí eile**

- Má mhéadaíonn luach an euro in aghaidh luach airgeadraí eile ardóidh praghas easpórtálacha an ghnólachta sin dá bharr.
- Thit an euro in aghaidh an dollair agus steirling araon le deireanas rud a fhágann go mbíonn easpórtálacha chuig na tíortha sin níos saoire / iompórtálacha ó na tíortha sin níos daoire.

**3. Costais iompair**

- Ó tharla gur náisiún oileánda í Éire bíonn na costais iompair suntasach nuair atá earraí á n-easpórtáil ó Éirinn agus ní mór iad a chur san áireamh sa phraghas deiridh.
- Tá na costais iompair ag dul i méid: táillí dola, praghsanna breosla.
- Ós rud é gur ardaíodh praghsanna ola an domhain tá bille méadaithe iompair os comhair táirgeoirí Éireannacha.

**4. Costais an Mhargaidh Shaothair**

- Má ardaíonn costais saothair in Éirinn os cionn na gcostas i margaí easpórtála, ní mór don tomhaltóir deiridh na costais sin a iompar agus méadaíonn sé sin praghas na n-easpórtálacha.
- Mhaígh urlabhraithe tionscail go gcaithfidh Éire teorainn a chur le méaduithe pá chun ár n-iomaíochas idirnáisiúnta a choinneáil / rátaí pá a ísliú san earnáil phoiblí.
- Nuair a tugadh isteach ráta an phá íosta méadaíodh costais saothair

**5. Beartais rialtais a imríonn ar struchtúr costais gnólachta**

- Maidir le haon ghníomhaíochtaí a dhéanann an rialtas nó an AE a chuireann riachtanais bhreise ar thionscadal a bhfuil impleachtaí costais orthu ar ghnólachtaí, is é an tionchar a bheidh acu nach mbeidh easpórtálacha chomh hiomaíoch sin.
- I measc na samplaí tá rátaí CBL a mhéadú; rialacháin bhreise sa mhargadh.

**6. Costais táirgeachta**

- Chuir roinnt gnólachtaí a n-imní in iúl maidir le costas na bhfóntas, i.e. diúscairt dramhaíola; soláthar uisce.
- Brúnn na méaduithe sin ar chostais na praghsanna suas agus fágann sin nach mbíonn easpórtálacha chomh hiomaíoch sin.
- Nuair a ardaítear praghsanna ola ardaítear costais fuinnimh agus laghdaítear iomaíochas dá bharr.

**3 × 5 mharc an ceann**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na sochair a bhaineann tomhaltóirí na hÉireann as an trádáil idirnáisiúnta.

1. **Rogha níos leithne earraí / earraí nach dtáirgtear in Éirinn**
    - Bíonn an deis againn sochar a bhaint as réimse níos leithne earraí agus seirbhísí a bhuí leis an trádáil agus ní bheidís ar fáil murach í.
    - Tá amhábhair áirithe ann atá riachtanach don táirgeacht ach nach bhfuil ag Éirinn. Cuireann an trádáil ar ár gcumas iad sin a iompórtáil agus earraí a dhéanamh in Éirinn.
2. **Praghsanna níos iomaíche**
    - Is mó an iomaíocht a bhíonn sa mhargadh mar gheall ar an trádáil agus ba cheart go mbeadh praghsanna níos iomaíche ar fáil do thomhaltóirí Éireannacha dá bharr.
    - D'fhéadadh cuideachtaí táirgeacht a leathnú a bhuí le trádáil agus sochar a bhaint as barainneachtaí scála dá bharr sin. D'fhéadfaí an coigilteas sin a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos ísle.
3. **Nuálaíocht**
    - D'fhéadfadh cuideachtaí infheistíocht mhór a dhéanamh i ndearadh táirgí agus sa nuálaíocht chun custaiméirí a mhealladh. Bainfidh custaiméirí sochar as táirgí suas chun dáta a bheith ar fáil, i.e. Apple iPad.

**2 × 5 mharc an ceann**

**(c)** ‘Tá sé tuartha go laghdóidh an fás i limistéar an euro ó 1.6% in 2011 go 0.2% in 2012’.
(An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), 2011)
Pléigh na hiarmhairtí do gheilleagar na hÉireann a d’fhéadfadh teacht de dheasca laghdú ar an ráta fáis i limistéar an euro. (20)

**1. Easpórtálacha**
Titfidh an t-éileamh ar easpórtálacha Éireannacha de bharr ioncam a bheith ag meath i limistéar an euro.

**2. Fostaíocht**
Má thiteann an t-éileamh atá ar easpórtálacha Éireannacha caillfear poist agus tiocfaidh méadú ar an ráta dífhostaíochta.

**3. Caighdeán maireachtála**
Titfidh ár gcaighdeán maireachtála mar gheall ar ioncaim a bheith ag meath agus ar dhífhostaíocht ardaithe.

**4. Airgeadas an Rialtais**
De réir mar a thagann meath ar ghníomhaíocht gheilleagrach tiocfaidh meath ar an ioncam a bhailíonn an rialtas.
De réir mar a ardaíonn an ráta dífhostaíochta tiocfaidh méadú ar an gcaiteachas ar leas sóisialach.

**5. Eisimirce**
D’fhéadfadh méadú teacht ar an leibhéal eisimirce as Éirinn mar gheall ar an méadú ar an ráta dífhostaíochta in Éirinn agus ar an laghdú ar an ráta fáis gheilleagraigh.

6. **Infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) laghdaithe**
D’fhéadfadh sé nach mbeadh na dreasachtaí / na cistí ag cuideachtaí eachtracha le leathnú mar gheall ar éileamh a bheith ag meath. D’fhéadfadh sé go dtiocfadh meath ar infheistíocht dhíreach eachtrach in Éirinn dá thoradh sin.

**7. Iompórtálacha**
Má thiteann an t-éileamh ar easpórtálacha Éireannacha titfidh an táirgeacht d’fhéadfadh an t-éileamh ar iompórtálacha titim freisin.

**8. Laghdú ar rátaí úis**
D’fhéadfadh sé go laghdóidh an Banc Ceannais Eorpach rátaí úis agus iad ag iarraidh fás geilleagrach a spreagadh

**4 × 5 mharc an ceann**

## C8 Eisimirce / Dífhostaíocht / John Maynard Keynes

**(a)** Deirtear go minic go gcuireann tosca 'brú' agus tosca 'tarraingthe' leis an eisimirce.

(i) Déan cur síos ar **dhá** thoisc eacnamaíocha 'brú' NÓ ar **dhá** thoisc eacnamaíocha 'tarraingthe' a bhfuil tionchar acu faoi láthair ar an eisimirce as Éirinn.

(ii) Luaigh agus mínigh na hiarmhairtí dearfacha **agus** diúltacha atá ag an eisimirce ar gheilleagar na hÉireann. (30)

(i) Tosca brú agus tarraingthe

| Tosca brú | Tosca tarraingthe |
|---|---|
| **An cúlú eacnamaíochta in Éirinn**<br>Tá méadú ar an dífhostaíocht dá thoradh seo agus tá daoine ag dul ar imirce toisc go bhfuil níos lú deiseanna poist ar fáil / tá FDI ag athlonnú i ngeilleagair lena mbaineann costais níos ísle. | **Deiseanna poist thar lear**<br>Tá na daoine sin atá ábalta ag dul ar imirce sa tóir ar phoist sna tíortha sin ina bhfuil folúntais, e.g. Ceanada; an Astráil. |
| **Rátaí pá in Éirinn**<br>Tá na rátaí pá in Éirinn ag titim. Ciallaíonn sin go bhfuil an caighdeán maireachtála ag meathlú agus tá daoine ag cuardach caighdeán maireachtála níos fearr thar lear. | **Scileanna a fhorbairt thar lear**<br>Téann roinnt oibrithe oilte ar imirce lena gcuid scileanna a fhorbairt mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil. |
| **Leibhéil chánachais ag ardú in Éirinn.**<br>Tá an caighdeán maireachtála ag dul chun donachta mar gheall ar na tobhaigh éagsúla ioncaim / na cánacha nua. D'fhéadfadh na daoine sin atá soghluaiste caighdeán maireachtála níos fearr a lorg thar lear. | **Caighdeán maireachtála níos fearr**<br>Tá daoine óga meallta ag rátaí pá níos fearr; cánacha níos ísle agus nós maireachtála níos fearr a d'fhéadfadh a bheith acu dá rachaidís ar imirce. |
| **Ionchais maidir le téarnamh geilleagrach**<br>Tá imní ar roinnt daoine faoina dtodhchaí in Éirinn agus is beag ionchas atá acu maidir leis an am atá le teacht. Tá siad ag cuardach deiseanna le haghaidh nós maireachtála níos fearr in áiteanna eile, e.g. Ceanada / an Astráil / na Stáit Aontaithe. | **Dearcadh níos dóchasaí / Líonraí Éireannacha thar lear**<br>Tá daoine áirithe ag dul ar eisimirce toisc go bhfuil an dearcadh níos dearfaí thar lear agus éascaíonn na pobail Éireannacha atá ann thar lear an eisimirce. |

**Aon 2 thoisc brú NÓ tarraingthe × 5 mharc an ceann.**

(ii) Luaigh agus mínigh na hiarmhairtí dearfacha **agus** diúltacha atá ag an eisimirce ar gheilleagar na hÉireann.

| Iarmhairtí diúltacha | Iarmhairtí dearfacha |
|---|---|
| **Rátaí cóimheasa cleithiúnais níos airde**<br>Is dóigh go bhfuil an pobal infhostaithe ag fágáil agus tá cóimheas cleithiúnais níos airde ann mar gheall air sin. Anuas air sin, ní mór don rialtas an daonra cleithiúnach méadaithe sin a mhaoiniú dá bharr. | **Dífhostaíocht laghdaithe**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh na daoine sin a chuaigh ar imirce dífhostaithe dá bhfanfaidís in Éirinn. Laghdaíonn sé sin an strus ar airgeadas an rialtais íocaíochtaí méadaithe leasa shóisialaigh a mhaoiniú. |
| **Deischostais**<br>Cailleann an stát a infheistíocht in oideachas / in oiliúint na saoránach sin. D'fhéadfadh sé go bhfuiltear ag cur oideachais ar oibrithe in Éirinn le dul ag obair i dtíortha eachtracha. | **Eisimircigh a fhilleann go hÉirinn**<br>D'fhéadfadh sé go gcuideodh eisimircigh nuair a fhilleann siad le cuideachtaí a bhfuil baint acu le turasóireacht – aerlínte, tithe tábhairne, etc. D'fhéadfadh eisimircigh airgead a sheoladh abhaile chuig a dteaghlach agus filleadh abhaile san fhadtréimhse le scileanna nua. |
| **Caillteanas scileanna sa gheilleagar/ Imirce Daoine Oilte**<br>Caillimid na hoibrithe / na céimithe a bhfuil scileanna nua foghlamtha acu, ar scileanna iad a theastaíonn le cuidiú le fás an gheilleagair. D'fhéadfadh sé go bhfágfaí an tír gan scileanna fíor-riachtanacha de dheasca 'imirce daoine oilte'. | **Teagmhálaithe / Deiseanna easpórtála**<br>D'fhéadfadh sé gur teagmhálaithe iad na daoine a théann ar imirce le haghaidh easpórtálaithe Éireannacha agus d'fhéadfadh sé go mbeadh fonn mór orthu teacht ar mhargaí thar lear.<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh eisimircigh Éireannacha gnólachtaí ar bun agus go soláthróidís poist d'eisimircigh nua; go gcuirfidís feabhas ar a gcuid scileanna chomh maith le deis a chur ar fáil d'easpórtálaithe Éireannacha, e.g. geansaithe CLG O'Neill's. |
| **Margadh intíre níos lú**<br>De réir mar a chrapann an margadh intíre d'fhéadfadh sé nach mbeadh an oiread sin deiseanna ag gnólachtaí / fiontraithe infheistíocht a dhéanamh. | **Éileamh ar sheirbhísí stáit**<br>D'fhéadfadh meath teacht ar an éileamh ar sheirbhísí stáit, e.g. scoileanna, cúram sláinte, iompar, etc. de réir mar a thagann meath ar an daonra. |
| **Brú suas ar leibhéil phá in Éirinn**<br>Bíonn na daoine ardoilte níos soghluaiste agus fágann siad mar sin. D'fhéadfadh sé gur ghá do ghnólachtaí leibhéil phá a ardú chun iad a choinneáil | |
| **2 × 5 mharc** | **2 × 5 mharc** |

**(b)** (i) Luaigh ráta na dífhostaíochta in Éirinn le linn 2012 mar a thugtar le fios leis an mBeochlár é.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na teorainneacha a bhaineann le húsáid an Bheochláir chun ráta na dífhostaíochta i ngeilleagar na hÉireann a thomhas. (20)

(i) Luaigh ráta na dífhostaíochta in Éirinn le linn 2012 mar a thugtar le fios leis an mBeochlár é.

**14.8%** *(Bealtaine 2012: 432,907)*

(Ráta réamh-mheasta le linn 2012: 14.1%)

**5 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na teorainneacha a bhaineann le húsáid an Bheochláir chun ráta na dífhostaíochta i ngeilleagar na hÉireann a thomhas.

**Áirítear iad seo a leanas cé NÁR cheart iad a áireamh:**

**(a)** Daoine atá ag obair go dlisteanach go páirtaimseartha agus a tharraingíonn leas go páirtaimseartha freisin:

- Na daoine sin ar fad a fhaigheann Sochar Cuardaitheora Poist – gan oibrithe córasacha gearraimseartha a chur san áireamh
- Na daoine sin ar fad a fhaigheann Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta – gan sealbhóirí beaga / cúntóirí feirme agus daoine féinfhostaíochta a chur san áireamh.
- Oibrithe páirtaimseartha (na daoine a oibríonn suas le trí lá in aghaidh na seachtaine), oibrithe séasúracha agus ócáideacha atá i dteideal Liúntais do Lucht Cuardaigh Fostaíochta nó Sochair Cuardaitheora.

**(b)** Daoine a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt leas sóisialach ach a d'fhéadfadh a bheith ag obair (sa mhargadh dubh) ag an am céanna freisin.

**(c)** Daoine a bhfuil seans ann nach bhfuil siad ag lorg fostaíochta go gníomhach.

**(d)** Daoine a tharraingíonn leas i gcomhair 'creidmheasanna ÁSPC' agus nach bhfuil dífhostaithe.

**Ní áirítear iad seo a leanas cé GUR cheart iad a áireamh:**

**(e)** Daoine atá dífhostaithe agus ag lorg fostaíochta ach nach bhfuil ar an mBeochlár (toisc nach bhfuil siad i dteideal aon sochar).

**3 × 5 mharc an ceann**

**(c)** Thacaigh an t-eacnamaí John Maynard Keynes, údar an leabhair *An Teoiric Ghinearálta um Fhostaíocht, Ús agus Airgead* (1936), le húsáid beartas fioscach ag an Rialtas chun lánfhostaíocht a chruthú.

(i) Mínigh an ráiteas thuas.
(ii) Déan plé ar **dhá** phríomhchoincheap eile de chuid Keynes a raibh tionchar acu ar an smaointeoireacht i gcúrsaí eacnamaíochta. (25)

(i) Mínigh an ráiteas thuas.

- Mhol sé don rialtas cánachas díreach a ghearradh le borradh a chur faoin ioncam agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoin gcaiteachas le cuidiú le poist a chruthú.

- D'fhéadfadh an rialtas a chuid chaiteachais a mhéadú sa chaoi is go méadófaí an t-éileamh (trí oibreacha poiblí díreacha) le cuidiú le poist a chruthú.

**13 (9 + 4) marc**

(ii) Déan plé ar **dhá** phríomhchoincheap eile de chuid Keynes a raibh tionchar acu ar an smaointeoireacht i gcúrsaí eacnamaíochta.

**Ioncam Náisiúnta Cothromaíochta**
D'fhéadfadh an t-ioncam náisiúnta cothromaíocht a bhaint amach gan fostaíocht iomlán a bhaint amach.

**Braitheann an t-aschur ar an éileamh**
Braitheann méid an ioncaim náisiúnta ar an gcaiteachas, i.e. $Y = C + I + G + X - M$

**Cinntí infheistíochta ag fiontraithe**
Dúirt sé gur mó a bhraith infheistíocht ag fiontraithe ar ionchais an lucht gnó ná ar an ráta úis.

**D'fhéadfadh sé go ndéanfaí níos lú infheistíochta ná coigiltis.**
D'fhéadfadh sceitheadh caiteachais tarlú dá dheasca a laghdaíonn ioncam náisiúnta agus fostaíocht.

**Coincheapa Nua Eacnamaíochta – An tIolraitheoir**
D'fhorbair sé uirlisí nua chun a chuid teoiricí a mhíniú, an t-iolraitheoir san áireamh: Tiocfaidh méadú i bhfad níos mó ar OTI mar thoradh ar aon mhéadú tosaigh ar chaiteachas toisc gurb ionann caiteachas duine amháin agus ioncam duine eile. D'fhorbair sé coincheapa mar: Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC), Claonadh Imeallach chun Iompórtála (MPM), etc.

**Teoiric na Tosaíochta don Leachtacht**
D'fhéadfadh sé gurbh fhearr le daoine áirithe a gcuid saibhris a choinneáil i bhfoirm airgid ar thrí chúis: cúiseanna beartaíochta, réamhchúraim agus amhantracha.

**Córas rátaí malairte faoi bhainistíocht**
Bhí sé i bhfabhar córais rátaí malairte a d'fhéadfadh an stát a 'bhainistiú' in ionad an órchaighdeáin.

**2 × 6 mharc an ceann**